

<b>Dáta</b>	<b>Leibhéal ranga</b> Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha	<b>Ábhar</b> Tíreolaíocht
<b>Snáithe</b> Imshaoil Nádúrtha	<b>Snáithaonad</b> An tImshaoil Nádúrtha Áitiúil.	
<b>Teideal</b> Gnéithe den Trá Áitiúil a Bhreathnú.		
<b>Cuspóir(i)</b> Is é aidhm an phlean ceachta ná go n-éireoidh leanaí roinnt gnéithe d'imshaoil nádúrtha, ar nós na trá áitiúla, atá i ndlúthchóngar na scoile agus go ndéanfaidh siad na gnéithe sin a iniúchadh agus a plé.		
<b>Scileanna atá Riachtanach</b> Tuiscint d'áit agus do spás; Áiteanna a shamhlú; Breathnú, ceistiú.		
<b>Cuspóirí foghlama</b>  Cuirfear ar chumas an linbh:  Ceangal a dhéanamh idir míreanna agus an cladach.  Páirt a ghlacadh i ndíospóireacht bhríoch ar na míreanna sin.  Ábhair a rangú mar ábhair nádúrtha nó mar ábhair de dhéantús an duine.  Rudaí fíorshaoil a cheangal le pictiúir de rudaí.  Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht sórtála agus a gcritéir shórtála féin a roghnú.	<b>Gníomhaíochtaí foghlama</b>  <b>Labhairt agus Plé:</b> Abair leis an rang go bhfuil tú ag dul labhairt inniu faoi áit an-speisialta agus go gcaithfidh siad buille faoi thuairim a thabhairt faoin áit faoina bhfuil tú ag labhairt.  Cuir roinnt earraí nádúrtha agus roinnt earraí de dhéantús an duine a cheanglófa leis an trá ar thábla íseal, mar shampla buicéid agus spáda, sliogáin trá, gaineamh, clocha duirlinge, adhmaid raice, salann agus uisce.  Faigh an freagra 'trá' nó 'cladach' ón rang. Sainithin cé chomh fada ón scoil atá an trá nó an cladach.  Caith roinnt ama ag déanamh plé ar na dóigheanna a bhfuil gach ceann de na míreanna sin ceangailte leis an trá. Tugtar an deis do na daltaí teacht chun tosaigh agus a lámh a chur ar na hábhair agus trácht ar a méid, ar a n-uigeacht, etc.  <b>Grianghraif agus Déantáin:</b> Cuir roinnt grianghraf den trá ar an gClár Bán Idirghníomhach. Lig do na daltaí ciorcal a chur ar an mbord thart ar na	

	<p>míreanna ón tábla i ngníomhaíocht meaitseála.</p> <p>Rangaigh na hábhair, ach fonsaí a úsáid, mar ábhair nádúrtha nó mar ábhair de dhéantús an duine trí phlé leis an rang.</p> <p><b>Foghlaim chomhoibríoch:</b> Roinn na daltaí sa rang ina mbeirteanna. Tabhair roinnt sliogán do gach beirt. Is féidir gur sliogáin iad a fuarthas ar an trá nó is minic is féidir sliogáin a cheannach i siopaí ealaíon agus ceardaíochta. Chomh maith leis sin, dáil bileog ar a bhfuil dhá chiorcal chun sórtáil agus rangú a spreagadh.</p> <p>Lig do na beirteanna na sliogáin a shórtáil agus a rangú isteach sna fonsaí de réir na gcritéir a roghnaíonn siadsan. D'fhéadfadh na critéir sin dath, cineál, uigeacht, etc. a chuimsiú. Téann an múinteoir thart an seomra ag labhairt le gach beirt faoi na critéir shórtála a roghnaigh siad.</p> <p><b>Acmhainní</b></p> <p>Sliogáin trá</p> <p>Grianghraif den trá (faoi iamh)</p> <p>Fonsaí (2)</p> <p>Buicéid, Spáda</p> <p>Adhmad raice</p> <p>Bileog Shórtála (faoi iamh)</p>
<p><b>Difreáil</b> Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.</p>	
<p><b>Measúnú</b> Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir</p>	
<p><b>Nascadh agus Comhtháthú</b></p>	

## Explorers Education Programme



Matamaitic: Sórtáil agus rangú

OSPS: Mise agus an domhan mór

Teanga Bhéil: Úsáideann na leanaí teanga bhéil chun cur síos ar a bhfuil siad ag féachaint agus chun uigeachtaí a phlé, etc.

# Explorers Education Programme



## Bileog Shórtála


Explorers Education Programme

**Grianghraif den Trá agus de na míreanna a d'fhéadfá a fheiceáil ann**

